Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

CLIMATE ACTION

Áras an Chontae, Charleville Road, Tullamore, Co. Offaly, R35 F893.
**T.** 057 934 6800 | **E.** climate@offalycoco.ie | **W.** offaly.ie

# FÓGRA MAIDIR LE HULLMHÚ AN DRÉACHTPHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE DE CHUID CHOMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ 2024 – 2029

Leis seo, tugtar fógra go bhfuil Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 ullmhaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, de bhun Alt 16 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Tá Tuarascáil Chomhshaoil ag gabháil leis an Dréachtphlean, arna hullmhú de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Chomhshaoil ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú le I.R. 200 de 2011) le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil agus Tuarascáil Tionchair Natura/Measúnacht Chuí, de bhun Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE.

Leagtar amach sa Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide conas is féidir leis an údarás áitiúil bearta maolaithe, bearta oiriúnaithe agus bearta eile um ghníomhú aeráide a chur chun cinn, chun cabhrú le comhlíonadh na n-oibleagáidí atá ar an tír seo i leith na haeráide agus le baint amach Chuspóir Foriomlán Náisiúnta an rialtais i leith na haeráide, lena bhféachtar, tráth nach déanaí ná deireadh 2050, le haistriú go geilleagar a bhfuil teacht aniar ann ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

**Comhairliúchán Poiblí**

Beidh an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, an Mheasúnacht Straitéiseach Chomhshaoil agus an Tuarascáil Tionchair Natura / an Mheasúnacht Chuí ar taispeáint ón **24 Deireadh Fómhair go dtí an 6 Nollaig 2023** sna háiteanna seo a leanas:

Ar líne ag https://www.offaly.ie/climate-change-action-plan-consultation/

- Áras an Chontae, Bóthar Bhaile an Bhóthair, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, R35 F893.
- Ceantar Bardasach Thulach Mhór, Acres Hall, Cormac Street, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, R35 WV59.
- Ceantar Bardasach Bhiorra, Oifigí Cathartha Bhiorra, Wilmer Road, Páirceanna an Bhaile, Biorra, Co. Uíbh Fhailí, R42 X271.
- Ceantar Bardasach Éadan Doire, Halla an Bhaile, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí, R45 K766.

Ar fáil ó Luan go hAoine (gan laethanta saoire bainc san áireamh) ó 9:30 go 16:00.

Ag leabharlanna seo na Comhairle le linn gnáthuaireanta oscailte, le linn na tréimhse comhairliúcháin:

- Leabharlann Thulach Mhór
- Leabharlann Bhiorra
- Leabharlann Éadan Doire

**Imeachtaí Faisnéise Poiblí ar féidir bualadh isteach chucu**

Beidh baill foirne de chuid na Comhairle ar fáil chun treoir a thabhairt maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin, agus beidh fáilte romhat ag na hionaid seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 01/11/2023 | Leabharlann Éadan Doire | 18:00-19:30 |
| 08/11/2023 | Leabharlann Bhiorra | 18:00-19:30 |
| 09/11/2023 | Leabharlann Éadan Doire | 12:00-13:30 |
| 16/11/2023 | Acres Hall | 10:00-14:00 |
| 23/11/2023 | Leabharlann Thulach Mhór | 18:00-19:30 |

Fógrófar aon imeachtaí comhairliúcháin phoiblí eile le linn na tréimhse comhairliúcháin ar https://www.offaly.ie/climate-change-action-plan-consultation/.

**Aighneachtaí/Tuairimí**

Tá fáilte roimh aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Mheasúnacht Straitéiseach Chomhshaoil agus an Tuarascáil Tionchair Natura/Measúnacht Chuí, ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile. Is féidir leat aighneacht nó tuairim a thabhairt mar seo a leanas amháin:

- Is féidir aighneacht i scríbhinn a chur isteach ar líne trí Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle ón 24 Deireadh Fómhair go dtí an 6 Nollaig 2023, agus na dátaí sin san áireamh; nó
- Féadfar aighneacht a chur chuig an seoladh seo a leanas: An tUasal John McNally, Comhordaitheoir um Ghníomhú Aeráide, Seirbhísí Comhshaoil agus Uisce, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Áras an Chontae, Bóthar Bhaile an Bhóthair, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, R35 F893.

**Ní mór aighneachtaí nó tuairimí a bheith faighte faoin 6 Nollaig 2023.**

Cuir isteach d'aighneacht nó do chuid thuairimí trí mheán **amháin,** le do thoil, i.e. ar líne nó i gcóip chrua. Ba cheart d'ainm agus do sheoladh a bheith san áireamh in aighneachtaí nó tuairimí agus, nuair is cuí, sonraí aon eagraíochta, aon ghrúpa pobail nó aon chuideachta etc. a bhfuil tú ag déanamh ionadaíocht dó nó di. Táthar ag súil go háirithe le haighneachtaí nó tuairimí i leith na nithe thuasluaite ó pháistí, nó ó ghrúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht do leasanna páistí.

I gcás aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an Dréachtphlean a gheofar sa tréimhse a luaitear, cuirfear san áireamh iad sula ndéanfar an Plean.

Tabhair faoi deara le do thoil **nach mbreathnófar** ar aighneachtaí ná tuairimí **DÉANACHA.** Moltar go láidir duit d'aighneacht nó do thuairim a chur isteach chomh luath agus is féidir.

**Cosaint Sonraí**

Ba cheart ainm agus seoladh iomlán an duine atá ag déanamh na haighneachta a bheith luaite inti, agus sonraí na heagraíochta, an ghrúpa nó na cuideachta a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó nó di nuair is cuí sin.

Bíodh léarscáil san áireamh agat le do thoil má bhaineann d'aighneacht le láthair, le stráice talún nó le gné ar leith.

Tá grúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht do leasanna páistí i dteideal aighneachtaí nó tuairimí a thabhairt i leith an Dréachtphlean.

Tabhair faoi deara go bhféadfar gach aighneacht a gheofar a fhoilsiú ar líne agus go leagfar amach iad i dTuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach, rud a fhoilseofar freisin.

Cinntigh le do thoil nach n-áireofar aon fhaisnéis chráiteach, aon fhaisnéis chlúmhillteach ná aon fhaisnéis faoi rún, lena n-áirítear faisnéis faoi rún a bhaineann le tríú páirtí (nár thoiligh an tríú páirtí, go sainráite nó go hintuigthe sna cúinsí, lena nochtadh). Coimeádann Údarás Áitiúil Uíbh Fhailí chuige féin an ceart chun faisnéis a chur i bhfolach in aon aighneacht nó cuid d'aighneacht nach gcomhlíonann an ceanglas sin.

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Stórálfar gach freagra i gcomhréir le RGCS. Tá beartas RGCS agus Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ar ár suíomh gréasáin.

**Dáta: 16 Deireadh Fómhair 2023**

**Tom Shanahan, Stiúrthóir Seirbhíse,**
**Gníomhú Aeráide, an Comhshaol agus Uisce Tuaithe.**

Midland & Tullamore Tribune 23x8 265mm
Offaly Independent 23x6 255mm
Offaly Topic 23x7 265mm
Leinster Express 23x9 265mm
AC